AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.7.2024
COM(2024) 319 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le caiteachas CERT
Córas Luathrabhaidh 1-6/2024

1. NÓS IMEACHTA BUISÉADACH CERT LE hAGHAIDH 2024

An 22 Samhain 2023 ghlac Parlaimint na hEorpa buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2024. Is é EUR 40 517 milliún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 40 505 mhilliún de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta atá i mbuiséad an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT). Is é is cúis leis na méideanna éagsúla le haghaidh an dá chineál leithreasuithe an úsáid a bhaintear as leithreasuithe difreáilte le haghaidh bearta áirithe a bhíonn á gcur chun feidhme go díreach ag an gCoimisiún. Baineann siad sin go príomha le bearta maidir le táirgí talmhaíochta a chur chun cinn agus le bearta maidir le straitéis bheartais, comhordúchán agus iniúchadh.

2. IONCAM A SHANNTAR DO CERT

Ar bhonn fhorálacha Airteagal 45 de Rialachán (AE) 2021/2116, ioncam a thagann as ceartuithe airgeadais faoi chinntí imréitigh cuntasaíochta agus imréitigh feidhmíochta, agus as neamhrialtachtaí, is ioncam é a shanntar do mhaoiniú chaiteachas CERT.

De réir Airteagal 45(2), is féidir ioncam sannta a athúsáid chun riachtanais mhaoinithe aon chaiteachais CERT a chumhdach. An t-ioncam a bhailítear agus nach n-úsáidtear laistigh den bhliain airgeadais, tugtar anonn go huathoibríoch é go dtí an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin[1].

Áirítear an méid seo a leanas i mbuiséad CERT le haghaidh 2024:

- meastacháin an Choimisiúin ar na riachtanais mhaoiniúcháin le haghaidh bearta margaidh, íocaíochtaí díreacha agus caiteachas eile faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach
- na meastacháin maidir le hioncam sannta atá le bailiú i gcaitheamh na bliana airgeadais.

Sa togra ón gCoimisiún maidir le leithreasuithe buiséadacha CERT le haghaidh 2024, chuir sé san áireamh an t-ioncam sannta iomlán a bhfuil coinne leis. I gcás bhuiséad 2024, d'iarr an Coimisiún leibhéal leithreasuithe a ríomhfaí tríd an ioncam sannta measta a asbhaint ó na riachtanais mheasta. Ghlac an tÚdarás Buiséadach buiséad CERT le haghaidh 2024 agus an t-ioncam sannta a bhfuil coinne leis á chur san áireamh.

Tráth a bunaíodh an buiséad le haghaidh 2024, ba é EUR 739,8 milliún meastachán an Choimisiúin maidir leis an ioncam sannta a bhí ar fáil, EUR 339.8 mhilliún de sin a

[1] Le hAirteagal 12(4)(b) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, cinntear go bhféadfar na leithreasuithe a chomhfhreagraíonn d'ioncam sannta inmheánach a thabhairt anonn go dtí an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin agus go dtí an bhliain sin amháin. Dá bhrí sin, ar mhaithe le bainistiú fónta buiséid, is iondúil go n-úsáidtear an t-ioncam sannta sin ar dtús, roimh an leithreasú a vótáladh i dtaca leis an airteagal buiséid lena mbaineann.

tugadh anonn ó Bhuiséad 2023. Chuir an Coimisiún an méid sin a tugadh anonn agus an t-ioncam measta atá le bailiú in 2024 san áireamh nuair a d'iarr sé na leithreasuithe le haghaidh na tacaíochta bunúsaí ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta (ítim 08 02 04 01). Is é EUR 19 022 mhilliún suim na leithreasuithe a vótáladh agus an ioncaim shannta mheasta le haghaidh na scéime sin.

Bhí an t-ioncam sannta a tugadh anonn ar deireadh ó 2023, EUR 340.3 milliún, beagán níos airde.

3. TÁBLA MAIDIR LE TOMHALTAS SEALADACH AN 31/03/2024

Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo cur chun feidhme sealadach bhuiséad CERT le haghaidh 2024 an 31/03/2024, agus tugtar mionsonraí sa tábla thíos.

Cuirtear an leibhéal cur chun feidhme i gcomparáid le próifíl chaiteachais an chórais luathrabhaidh a cuireadh ar bun i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 2021/2116.

Buiséad 2024 [1]
TOMHALTAS SEALADACH LEITHREASUITHE CERT

An staid mar a bhí sé an 31/03/2024
In EUR milliún

		Buiséad leithreasuithe [2]	An tomhaltas ó mhí na Samhna go mí an Mhárta	Úsáid	An phróifíl tomhaltais mar a bhí i mí an Mhárta		An bhearna idir an cur chun feidhme agus an phróifíl	
		milliúin EUR	milliúin EUR	%	%	milliúin EUR	%	milliúin EUR
		A	B	C=B/A	D	E=D*A	F=C-D	G=B-E
	Caiteachais	***40,517.3***	***31,028.3***	***76.6%***	***77.1%***	***31,234.9***	***-0.5%***	***-206.6***
08 01	***Caiteachas riaracháin tacaíochta na braisle 'Beartas Talmhaíochta agus Muirí'***	***4.9***	***1.1***	***22.6%***	***88.1%***	***4.3***	***-65.5%***	***-3.2***
08 01 01	**Caiteachas tacaíochta don 'Chiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta'**	**4.9**	**1.1**	**22.6%**	**88.1%**	**4.3**	**-65.5%**	**-3.2**
08 02	***An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT)***	***40,512.4***	***31,027.2***	***76.6%***	***77.1%***	***31,230.6***	***-0.5%***	***-203.4***
08 02 01	**Cúlchiste talmhaíochta (* lch. 2)**	**516.5**	**375.3**	**72.7%**				
08 02 02	**Cineálacha idirghabhálacha in earnálacha áirithe faoi na Pleananna Straitéiseacha CBT**	**1,294.2**	**146.1**	**11.3%**	**22.2%**	**287.0**	**-10.9%**	**-141.0**
08 02 02 01	Earnáil na dtorthaí agus na nglasraí	335.0	60.1	17.9%	21.4%	71.5	-3.4%	-11.5
08 02 02 02	Earnáil na dtáirgí beachaireachta	60.0	3.0	5.0%	13.4%	8.1	-8.4%	-5.1
08 02 02 03	Earnáil an fhíona	835.0	77.7	9.3%	23.1%	193.1	-13.8%	-115.4
08 02 02 04	Earnáil na leannlusanna	2.2	2.2	100.0%	100.0%	2.2	0.0%	0.0
08 02 02 05	Earnáil na hola olóige agus na n-ológ boird	45.0	1.1	2.4%	12.0%	5.4	-9.5%	-4.3
08 02 02 06	Earnálacha eile	17.0	2.0	11.8%	39.6%	6.7	-27.9%	-4.7
08 02 03	**Caiteachas a bhaineann leis an margadh lasmuigh de na**	**1,481.6**	**618.0**	**41.7%**	**37.5%**	**555.3**	**4.2%**	**62.7**
08 02 03 01	POSEI agus na hoileáin bheaga Aeigéacha (seachas íocaíochtaí díreacha)	226.0	132.8	58.8%	59.8%	135.2	-1.1%	-2.4
08 02 03 02	Táirge talmhaíochta a chur chun cinn — Cláir shimplí faoi bhainistíocht chomhroinnte	80.7	27.4	33.9%	27.3%	22.0	6.7%	5.4
08 02 03 03	Táirgí talmhaíochta a chur chun cinn — Ilchláir agus bearta a chuir an Coimisiún chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach	96.9	0.8	0.8%	0.0%	0.0	0.8%	0.8
08 02 03 04	Scéimeanna scoile	180.0	89.7	49.8%	44.2%	79.6	5.6%	10.1
08 02 03 05	Ola olóige	p.m.	-0.1					
08 02 03 06	Torthaí agus glasraí	715.0	133.1	18.6%	21.4%	152.7	-2.7%	-19.6
08 02 03 07	Fíon	183.0	234.2	128.0%	90.6%	165.8	37.4%	68.4
08 02 03 08	Beachaireacht	p.m.	0.0					
08 02 03 09	Leannlusanna	p.m.	0.0					
08 02 03 10	Bearta stórála poiblí agus príobháidí	p.m.	0.0					
08 02 04	**Cineálacha íocaíochtaí díreacha d'idirghabhálacha faoi na Pleananna Straitéiseacha CBT**	**36,296.2**	**29,541.9**	**81.4%**	**82.7%**	**30,004.9**	**-1.3%**	**-463.0**
08 02 04 01	Tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta (** lch. 2)	18,282.2	17,313.9	94.7%	96.5%	17,645.8	-1.8%	-331.9
08 02 04 02	Tacaíocht ioncaim athdháilte fhorlíontach i dtaobh na	3,917.0	3,708.7	94.7%	95.1%	3,726.2	-0.4%	-17.5
08 02 04 03	Tacaíocht ioncaim fhorlíontach d'fheirmeoirí óga	670.0	547.2	81.7%	81.1%	543.7	0.5%	3.5
08 02 04 04	Scéimeanna maidir leis an aeráid agus maidir leis an gcomhshaol	8,698.0	5,008.7	57.6%	53.0%	4,607.7	4.6%	401.0
08 02 04 05	Tacaíocht ioncaim chúpláilte	4,485.0	2,928.8	65.3%	76.5%	3,432.8	-11.2%	-503.9
08 02 04 06	Íocaíocht bharrshonrach do chadás	244.0	34.7	14.2%	20.0%	48.8	-5.8%	-14.2
08 02 05	**Íocaíochtaí díreacha lasmuigh de na Pleananna Straitéiseacha CBT**	**444.0**	**327.1**	**73.7%**	**68.1%**	**302.3**	**5.6%**	**24.7**
08 02 05 01	POSEI agus na hoileáin bheaga Aeigéacha (íocaíochtaí díreacha)	444.0	286.3	64.5%	68.1%	302.3	-3.6%	-16.0
08 02 05 02	An scéim íocaíochta aonair limistéir (SIAL)	p.m.	2.9					
08 02 05 03	Íocaíocht athdháilte	p.m.	0.4					
08 02 05 04	Scéim na híocaíochta bunúsaí	p.m.	17.6					
08 02 05 05	Íocaíocht do chleachtais talmhaíochta a dhéanann leas na haeráide agus an chomhshaoil	p.m.	13.5					
08 02 05 06	Íocaíocht le haghaidh feirmeoirí i limistéir a bhfuil srianta nádúrtha iontu	p.m.	0.0					
08 02 05 07	Íocaíocht d'fheirmeoirí óga	p.m.	0.5					
08 02 05 08	Íocaíocht bharrshonrach do chadás	p.m.	0.4					
08 02 05 09	Scéim um thacaíocht chúpláilte dheonach	p.m.	5.0					
08 02 05 10	Scéim na bhfeirmeoirí beaga	p.m.	0.4					
08 02 06	**Straitéis bheartais, comhordúchán agus iniúchadh**	**379.4**	**18.7**	**4.9%**	**13.0%**	**49.2**	**-8.1%**	**-30.6**
08 02 06 01	Ceartuithe airgeadais i bhfabhar na mBallstát tar éis cinntí imréitigh cuntas agus imréitigh comhréireachta	250.9	0.0	0.0%	0.0%	0.0	0.0%	0.0
08 02 06 02	Díospóidí a réiteach	p.m.	0.0					
08 02 06 03	CERT — Cúnamh teicniúil oibríochtúil	128.5	18.7	14.5%	38.3%	49.2	-23.8%	-30.6
08 02 99	**Cláir agus gníomhaíochtaí roimhe seo a chur i gcrích**	**100.5**	**0.2**	**0.2%**	**31.6%**	**31.8**	**-31.4%**	**-31.6**

[1] Bliain airgeadais = 16/10/2023 go dtí an 15/10/2024 ach féadfar caiteachas faoi bhainistíocht dhíreach an Choimisiúin a dhéanamh go dtí an 31/12/2024.
[2] Baineann sé le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas.

Buiséad 2024 [1]
TOMHALTAS SEALADACH LEITHREASUITHE CERT

An staid mar a bhí sé an 31/03/2024
In EUR milliún

		Buiséad leithreasuithe [2]	An tomhaltas ó mhí na Samhna go mí an Mhárta	Úsáid	An phróifíl tomhaltais mar a bhí i mí an Mhárta		An bhearna idir an cur chun feidhme agus an phróifíl	
		milliúin EUR	milliúin EUR	%	%	milliúin EUR	%	milliúin EUR
		A	B	C=B/A	D	E=D*A	F=C-D	G=B-E
	(*) Cúlchiste talmhaíochta lena n-áirítear 315,5 milliún euro a tugadh anonn ón mbliain airgeadais 2023:							
08 02 01	Cúlchiste talmhaíochta — lena n-áirítear an méid a tugadh anonn ón mbliain airgeadais roimhe sin	832.0	375.3	45.1%				
	(**) Ar mhaithe le faisnéis amháin: caiteachas in aghaidh leithreasuithe bunaidh agus ioncam sannta							
08 02 04 01	Tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta — lena n-áirítear ioncam sannta	19,022.0	17,313.9	91.0%	96.5%	18,359.9	-5.5%	-1,045.9
	Ioncam Sannta	***739.8***	***605.7***	***81.9%***				
6 2 0 0	An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta — ioncam sannta a mheastar a bhaileofar sa bhliain airgeadais	400.0	265.9	66.5%				
	Ioncam sannta a tugadh anonn ón mbliain airgeadais roimhe	339.8	339.8	100.0%				

[1] Bliain airgeadais = 16/10/2023 go dtí an 15/10/2024 ach féadfar caiteachas faoi bhainistíocht dhíreach an Choimisiúin a dhéanamh go dtí an 31/12/2024.
[2] Baineann sé le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas.

4. BARÚLACHA MAIDIR LE CÚLCHISTE TALMHAÍOCHTA 2024

Áiríodh i mBuiséad 2024 méid EUR 832 mhilliún le haghaidh an chúlchiste talmhaíochta, lena n-áirítear méid EUR 315,5 milliún a tugadh anonn ó Bhuiséad 2023.

Glacadh dhá bheart, ar luach EUR 98.3 milliún san iomlán[2]. Déanfar sin a mhaoiniú faoi cúlchiste talmhaíochta 2024 go heisiach, agus dá bhrí sin faoi Bhuiséad 2024.

A mhéid a bhaineann leis an gcaiteachas, dhearbhaigh na Ballstáit EUR 375,3 milliún san iomlán go dtí seo. Baineann an méid a íocadh leis an dá bheart eisceachtúla dheireanacha (pacáistí a dó agus a trí) a glacadh faoi Bhuiséad 2023, ach a mhaoinítear i bpáirt faoi Bhuiséad 2024.

5. BARÚLACHA MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME SEALADACH BHUISÉAD CERT LE HAGHAIDH 2024

Maidir leis an gcuid is mó de na hidirghabhálacha in earnálacha áirithe, ba sa bhliain airgeadais 2023 a cuireadh tús le cur chun feidhme an chaiteachais dá bhforáiltear sna

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2820 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2023 lena ndéantar foráil maidir le tacaíocht airgeadais éigeandála do na hearnálacha talmhaíochta atá buailte ag tubaistí nádúrtha sa Ghréig agus sa tSlóivéin *(IO L, 2023/2820, 18.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2820/oj)* ; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/453 ón gCoimisiún an 5 Feabhra 2024 maidir le bearta tacaíochta margaidh eisceachtúla le haghaidh earnálacha na n-uibheacha agus na feola éanlaithe clóis san Iodáil (IO L, 2024/453, 6.2.2024, *ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/453/oj*).

pleananna straitéiseacha CBT. Ba sa bhliain airgeadais 2024 a rinneadh na chéad íocaíochtaí le haghaidh chineálacha íocaíochtaí díreacha na n-idirghabhálacha faoi na pleananna. Dá bhrí sin, is ar éigean a bhí aon sonraí stairiúla ar fáil chun próifíl chaiteachais na n-idirghabhálacha sin a tharraingt suas le haghaidh na bliana airgeadais 2024. Mar sin, tá próifíl mhíosúil an chaiteachais sin bunaithe ar phróifílí a breathnaíodh roimhe seo le haghaidh caiteachas comhchosúil ar earnálacha an mhargaidh agus ar íocaíochtaí díreacha lasmuigh de na pleananna straitéiseacha, agus cuirtear san áireamh inti freisin an caiteachas iarbhír le haghaidh idirghabhálacha ‘an phlean’ a rinneadh sa chéad 2 mhí den bhliain airgeadais 2024.

Maidir le forghníomhú sealadach na leithreasuithe buiséadacha CERT le haghaidh 2024 i gcomhair na tréimhse go dtí an 31 Márta 2024, tá sé gar don phróifíl chaiteachais arna ríomh (-0.5 % pointe).

Léiríonn an caiteachas le haghaidh beagnach gach cineál idirghabhála de réir earnála faoi na pleananna (08 02 02) diall anuas ón bpróifíl, ach méid níos lú ná mar a bhí sa bhliain airgeadais roimhe sin.

Tá ioncam sannta (6 2 0 0) EUR 606.2 milliún ar fáil cheana féin agus meastar go mbaileofar suimeanna breise i gcaitheamh na bliana airgeadais.

Faoi láthair, maidir leis na leithreasuithe a vótáladh, mar aon le méid an ioncaim shannta a bheidh ar fáil faoi dheireadh na bliana airgeadais, measann an Coimisiún go mbeidh an méid sin leordhóthanach chun an caiteachas uile a chumhdach.